Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/162

28.1.2025

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/162 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 25 Samhain 2024**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40 a mhéid a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme scéim cabhrach an Aontais chun torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne a sholáthar i bhforais oideachais**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 24(2), pointe (b), agus Airteagal 223(2), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40 ón gCoimisiún ([2]), ceanglaítear ar na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme scéim cabhrach an Aontais chun torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne a sholáthar i bhforais oideachais ('scéim scoile') agus faisnéis shonrach a áireamh ina dtuarascálacha faireacháin bliantúla.

(2) Faisnéis áirithe, amhail meánphraghas na sciartha, nó an fhaisnéis faoi na húdaráis agus na páirtithe leasmhara lena mbaineann, níl sí riachtanach chun faireachán cuí a dhéanamh ar an scéim scoile. Chun an t-ualach riaracháin a mhaolú, níor cheart an fhaisnéis sin a sholáthar a thuilleadh. Faisnéis eile, amhail minicíocht seachadta na dtáirgí, ba cheart í a shimpliú.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Áireofar sna tuarascálacha faireacháin bliantúla ó na Ballstáit faisnéis faoi na cistí a úsáidtear chun gach ceann de na grúpaí táirgí a liostaítear in Airteagal 23(3), (4) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a sholáthar agus a dháileadh agus, i gcás na mbeart oideachais tionlacain, faoi líon na bhforas oideachais agus na leanaí atá rannpháirteach sa scéim scoile, faoi mheánmhéid na sciartha agus faoi líon na sciartha a seachadadh, faoi chainníochtaí na dtáirgí a soláthraíodh arna miondealú de réir grúpaí táirgí agus, más infheidhme, faoi chainníochtaí na dtáirgí seachas na táirgí sin a liostaítear in Airteagal 23(3), (4) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a áirítear faoi na bearta oideachais tionlacain i gcomhréir le hAirteagal 23(7) den Rialachán sin, agus faoi na cineálacha cumarsáide agus na bearta tionlacain arna gcur chun feidhme.'.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cabhair ón Aontas chun torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne a sholáthar i bhforais oideachais agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 ón gCoimisiún (IO L 5, 10.1.2017, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/40/oj).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Samhain 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN